



GISELDA
8 bliana
d'aois

SAN ÁIREAMH SAN ACMHAINN

- 6 Ghrianghraf A4
- Naisc churaclaim
- Gníomhaíochtaí don seomra ranga
- Seirbhís Urnaithe
- Bileog oibre
- Póstaer
- Gníomhaíochtaí Idirghníomhacha

AIDHM LEIS NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ:

- **Ionbhá** a chothú le Giselda, lena pobal agus leo siúd atá faoi bhochtaineacht.
- Dúshlán a thabhairt do **thuairimí agus prionsabail** atá **steiréitíopach**.
- Cumhacht an phobail agus **oibriú le chéile** a aithint, **Tuiscint ar an domhan** a fhorbairt trí rólghlacadh cruthaitheach spreagúil a dhéanamh.
- Tuiscint a fháil ar roinnt de na **cúiseanna** agus fadhbanna maidir le **bochtaineacht**.

Chun an acmhainn seo a úsáid ar líne, agus chun ár gcuid gníomhaíochtaí idirghníomhacha a úsáid, tabhair cuairt le do thoil ar an suíomh gréasáin www.trocaire.org/education

Duais Trócaire Domhan Níos Fearr:

Meabhraíonn an siombal seo duit obair na bpáistí a bhailiú le chéile chun cur isteach ar an Duais seo. Féach an bhileoigín a ghabhann leis an bpacáiste seo nó féach www.trocaire.org/better-world-award ar mhaithe le breis sonraí a fháil.

SINSEARACH AGUS EOCHAIRCHÉIM 2 ACMHAINN NA BUNSCOILE

RÉAMHRÁ

Tugtar treoir le hacmhainní seo Trócaire do mhúinteoirí **ranganna 3 go 6** le plé a dhéanamh ar **bhochtaineacht agus an tionchar ar féidir leis an bpobal a imirt agus iad ag déileáil le bochtaineacht**. Trí réimse gníomhaíochtaí agus grianghrafanna tugtar an deis do na daltaí iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar Phoblacht Hondúras agus an tábhacht a bhaineann le hobair a dhéanamh i bpáirt le chéile mar chuid den phobal agus oibreoidh siad le chéile ina ngrúpaí chun rólghlacadh a dhéanamh ar chásanna ar leith. Tá grianghrafanna san áireamh san acmhainn chomh maith de dhaoine a mbíonn Trócaire ag obair leo agus den obair a dhéanann siad chomh maith le paidir agus amhrán ar son mhuintir Phoblacht Hondúras mar chríoch.

NA GRIANGHRAFANNA A ÚSÁID:

Dearadh na grianghrafanna ar mhaithe le heolas a chur ar fáil do pháistí agus dúshlán a thabhairt don tuiscint atá acu ar Phoblacht Hondúras. Is é an aidhm atá leis na gníomhaíochtaí seo leanas ná plé bríomhar a spreagadh agus smaointeoireacht chriticiúil faoi na ceisteanna a ardaítear sna grianghrafanna. Is féidir úsáid a bhaint astu ar go leor bealaí: cur síos a dhéanamh, rangú; ceistiúchán; fotheidealú nó bolgáin chainte. Fútsa go hiomlán atá sé.

NAISC LE BEO GO DEO

Beo Go Deo 5

Téarma 3

Ceacht 7 An Comhphobal
Luath-Chríostaí

Beo Go Deo 6

Téarma 1

Ceacht 11 Grá a léiriú do mo
Chomharsa

Beo Go Deo 7

Téarma 2

Ceacht 3 Pobal Críostaí

Beo Go Deo 8

Téarma 1

Ceacht 1 Maidir le

CAD IS BRÍ LE BOCHTAINÉACHT?

Is iomaí sin cúis le bochtaineacht – gan fáil a bheith ag daoine ar thalamh agus nach féidir leo a gcuid bia féin a fhás, ná deis acu ar fhoscadh a chur ar fáil mar chosaint ar an aimsir, gan fáil acu ar

uisce glan le hól, ná gan fáil a ndóthain acu ar oideachas, sláintíocht, nó ar chúram sláinte. Níl an saibhreas roinnte go cothrom i bPoblacht Hondúras mar a bhfuil an chuid is mó den talamh i seilbh an tríú cuid den daonra agus an dá thrian eile den phobal ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Is iad na mná agus grúpaí dúchasacha atá ar na dreamanna is boichte sa tír. Tá Poblacht Hondúras ar an dara tír is boichte i measc tíortha Mheiriceá Laidinigh ar fad, agus níl an tír ach beagánín níos fearr as ná Poblacht Nicearagua.

CÉN CHABHAIR ATÁ Á TABHAIRT AG TRÓCAIRE?

- Ag obair le heagraíochtaí páirtithe ar mhaithe le hionchur a thabhairt do dhaoine áitiúla chun rudaí a athrú.
- Ag obair leis na boichtí trí thacú leo chun fáil a bheith acu ar thalamh, ar chreidmheas, agus chun cur le táirgíocht a gcuid feirmeoireachta.
- Ag cabhrú le feirmeoirí a gcuid mionchomhluchtaí a chur ar bun le gur féidir leo slí mhaireachtála a dhéanamh dóibh féin agus dá dteaghligh.
- Ag obair le pobail chun an timpeallacht a chosaint agus modhanna feirmeoireachta inbhuanaithe a úsáid.
- Ag tacú le heagraíochtaí cearta daonna i bPoblacht Hondúras trí bhrú a chur ar an rialtas athruithe a dhéanamh a rachaidh chun leasa na mbocht, agus éagothroime agus breabaireacht a mhaolú.
- I ndiaidh Spéirling Mitch in 1998, chabhraigh Trócaire le daoine boichta a gcuid tithe a ath-thógáil agus chuir na huirlisí ar fáil chun barraí a fhás arís.



GNÍOMHAÍOCHT A HAON

POBLAcht HONDÚRAS A PHLÉ



NAISC CHURACLAIM: Teanga agus litearthacht, SESE,
An Domhan Timpeall Orainn, Na hEalaíona

AG TEASTÁIL CHUIGE SEO: Clár bán, maircérí, léarscáileanna,
smeach-chairt, páipéar smeach-chairte, grianghrafanna 1 go 6

CÉIM 1: Féach ar na grianghrafanna ar fad agus pléigh leis an rang iad. Déan roinnt tobsmaointeoireachta lena fháil amach cén t-eolas atá ag na páistí cheana féin i dtaobh Phoblacht Hondúras. Bain úsáid as Teilgean Léarscáile Peter agus iarr orthu a fháil amach cá bhfuil an tír, cad iad na tíortha atá thart air, cé chomh mór is atá an tír, cad iad na teangacha a labhraítear ann, cén saghas aimsire a bhíonn ann agus an fíor go mbíonn an tír thíos le tubaistí nádúrtha.

Leid – chun tuilleadh eolais a fháil i dtaobh Tubaistí Nádúrtha féach ar leabhrán agus DVD Trócaire ‘Tales of Disasters’ nó féach ar www.trocaire.org le tuilleadh eolais a fháil faoin acmhainn seo.

CÉIM 2: Nuair a bheidh bonn maith eolais bailithe faoi Phobalcht Hondúras, cuir na daltaí ina ngrúpaí de 4 agus abair leo gach eolas ar féidir leo a fháil amach faoin tír agus faoi na daoine a chónaíonn sa tír. Abair leo go mbeidh ról faoi leith ag gach duine agus go mbeidh aiseolas le tabhairt acu faoin méid seo don chuid eile den rang:

- **An grúpa ar fad** – bailigh eolas i dtaobh Phoblacht Hondúras – na daoine, na teangacha agus na nósanna atá acu.
- **Dalta 1** – Pleanálaí: féach mar a chuirfear an t-eolas i láthair ar an leathanach.
- **Dalta 2** – Moltóir: leag amach na mórphointí a chaithfidh a bheith sa chur i láthair.
- **Dalta 3** – Scríobhaí: breac nótaí bunaithe ar an eolas ón bpleanálaí agus ón moltóir.
- **Dalta 4** – Cainteoir: cuir an t-eolas i láthair ar bhealach cruthaitheach don chuid eile den rang.

CÉIM 3 – Déanfaidh gach grúpa piarmheasúnú ar a chéile; agus tabharfar aird ar mhórphointí an chur i láthair agus ar rudaí ar féidir leo dul ag obair orthu; ag fiafraí cén t-eolas atá anois acu nach raibh roimhe sin acu. Déan plé ar na rudaí a chuir ag machnamh dáiríre iad agus conas mar a láimhseáil siad a bheith ag obair le chéile.

Duais Trócaire Domhan Níos Fearr:

Meabhraítear duit obair na bpáistí a bhailiú le chéile chun cur isteach ar an Duais seo. Féach an bhíleogín a ghabhann leis an bpacáiste seo nó www.trocaire.org/better-world-award ar mhaithe le breis sonraí a fháil.

GNÍOMHAÍOCHT A DÓ

LITIR Ó PHOBLAcht HONDÚRAS



NAISC CHURACLAIM: Teanga agus Litearthacht, OSSP, PDMU
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO: Fótachóipeálaí, páipéar.

CÉIM 1: Déan fótachóip de litir Giselda ar leathanach 4 agus tabhair do na páistí é lena léamh. Pléigh leis an rang é.

CÉIM 2: Déan plé níos mó ar na pointí seo:

- Cén fáth ar aistrigh muintir Giselda go La Confianza?
- Déan cur síos ar a gnáthimeachtaí laethúla.
- Luaigh roinnt pointí dearfacha agus diúltacha faoin saol i La Confianza.
- Cén fáth go bhfuil Giselda bródúil as a tuismitheoirí?
- Cén dóchas atá aici don toadhcháí?

Tuilleadh forbartha:

- Cad iad na mórchúiseanna le bochtaineacht i La Confianza?
- Cad atá á dhéanamh ag pobal La Confianza le dul i ngleic leis an mbochtaineacht?
- Cén sórt rudáí a dheanann sibhse mar thaca dá chéile in bhubail féin?
- Tarraing líne síos i lár leathanaigh i do chóipleabhar, ar thaobh amháin breac cuntas ar ghnáthimeachtaí laethúla Giselda, ar an taobh eile scríobh síos do chuid imeachtaí laethúla féin. Déan cuntas ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí eatarthu.

CÉIM 3: Ba bhreá le Giselda agus lena muintir cloisteáil faoin saol agatsa in Éirinn – Scríobh litir chuig Giselda agus a muintir agus a cairde ag insint dóibh faoi do chlann, do chairde agus an pobal dar díobh thú. Luaigh rudaí a thaitníonn go mór leat nó roinnt rudáí ach dtaitníonn leat faoi bheith i do chónaí san áit seo agus cen dóchas atá agatsa don toadhcháí.



GRIANGRAF
2

GNÍOMHAÍOCHT A TRÍ

RÓL-GHLACADH POBAIL



NAISC CHURACLAIM: Na hEalaíona-Drámaíocht, Teanga agus Litearthacht.
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO: Pictiúr, fótachóipeálaí, grianghrafanna 3 agus 4.

CÉIM 1: Féach ar ghrianghrafanna 3 agus 4. Féach mar a thagann gach aon duine i bpobal La Confianza le chéile lena gcuid oibre a chur i gcrích. Léirítear na céimeanna éagsúla atá i gceist le hola pailme a tháirgeadh i bpictiúr 4. Iarr ar na daltaí smaoineamh ar thascanna eile sa phobal a chaitheamh a dhéanamh agus déan liosta díobh seo.

CÉIM 2: Fótachóipeáil na cártaí ról-ghlacadh ar chúl ghrianghraf 4 agus roinn na daltaí ina 6 ghrúpa. Tabhair amach cárta ról-ghlacadh in aghaidh an ghrúpa agus iarr orthu gan é a thaispeáint do na foirne eile. Beidh fráma reoite ar na gníomhaíochta atá luaite ar na cártaí (i bhfoirm aisteoireachta) le hullmhú ag na grúpaí ar fad; misnigh na daltaí leis an tasc seo a dhéanamh le deasú coirp agus gotha gnúise, gan dul i muinín focal.

CÉIM 3: Tar éis gach gach ról-ghlacadh a dhéanamh, déanfaidh an chuid eile den rang iarracht an grúpa a bhí i gceist sa chur i láthair sin a thomhas agus cad a bhí ar siúl acu.

CÉIM 4: Nuair a bheidh deireadh déanta ag na grúpaí ar fad, iarr ar na daltaí a gcuid cártaí ról-ghlacadh féin a dhéanamh maidir lena gcuid dualgas i bpobal na scoile – agus bíodh sé soiléir na freagrachtaí éagsúla a thiteann ar gach duine. Is féidir go roghnóidh siad an méid sin a chur ina litir.



GNÍOMHAÍOCHT A CEATHAIR

SEIRBHÍS URNAITHE



NAISC CHURACLAIM: Religiún/OSPS/PDMU.
AG TEASTÁIL UAIT CHUIGE SEO: Coinneal, grianghrafanna.

SEIRBHÍS URNAITHE:

Muinteoir: Can an t-amhrán – ‘Ní Leor Ceann Amháin’ ó Beo Go Deo 2

Plé: Déanaimid rudaí i bpáirt le chéile: spraoi, déanamh rudaí agus fás mar is áil le Dia. Las an choinneal agus dúntar na súile; smaoinigh ar na daoine ar fad a chabhraíonn leat foghlaim conas rudaí a dhéanamh, a thugann aire duit agus a thugann bia duit, a imríonn cluichí leat agus nach bhfágann as an áireamh thú. Déan pictiúr i do cheann de na daoine seo. Iarr ar Dhia a bheannacht a chur ar na daoine sin ar fad atá in aigne agat.



CÉIM 1:

Pléigh ócáid éigin i mbliana guroibrigh an rang go maith le chéile. Smoainigh ar na rudaí a thug le chéile sibh agus na mothúcháin a bhíonn agaibh agus sibh ar fad aontaithe agus ar aon intinn mar seo.

CÉIM 2:

Las an choinneal. Suíodh na daltaí thart fan gcoinneal, na súile dúnta, faoi chiúnas agus iad gan corraí astu. Análaigh isteach. Análaigh amach. Agus tú ag anáil isteach, smaoinigh ar chabhair a thug tú do dhuine éigin le déanaí. Agus tú ag anáil amach, smaoinigh ar chabhair a fuair tú ó dhuine éigin. (Déan seo sách minic).

CÉIM 3:

CÉIM 4:

Múinteoir:

Amhrán: can amhrán an phobail ó Beo Go Deo 5.

Guigh le chéile:

Is féidir linn baint a bheith againn lena chéile. Is féidir linn rudaí a roinnt eadrainn, súgradh le chéile agus rudaí a dhéanamh le chéile. Guímid ar a son inniu agus muid ag rá:

Páiste 1:

Ar a son siúd i bpobal La Confianza, agus pobail mar é, go leana siad ag obair le chéile agus ag tacú lena chéile.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Páiste 2:

Ar son feirmeoirí, fágtha gan talamh le bia a fhás ann.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Páiste 3:

Ar son na bpobal atá scanraithe.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Páiste 4:

Iad siúd ina gcónaí in áiteanna bochta an domhain gan chúram leighis agus iad tinn.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Páiste 5:

Iad siúd atá ina gcónaí mar a mbíonn baol ó thubastí nádúrtha.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Páiste 6:

Iad siúd inár bpobal féin, go dtuga siad cabhair dóibh siúd a bhfuil níos lú sa saol acu ná mar atá againne.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Páiste 7:

Iad siúd atá ag obair le Trócaire agus iad siúd a oibríonn i bpáirt le Trócaire, go leana siad ag cabhrú leis na boicht le go mbeidh fáil acu ar thalamh le bia a chur, gnólacht a chur ar bun agus seasamh ar a gcosa féin.

Freagra:

Guímid ar a son, a Thiarna.

Múinteoir:

Gura léir dúinn i gcónaí an rud atá de dhíth ar dhaoine agus go mbaine muid le chéile taitneamh as an saol a thug tú dúinn. Déanaimid an achainí seo trí Chríost ár dTiarna.

Le chéile:

Amen.

Amhrán:

Amhrán an Phobail.



BILEOG OIBRE

LITIR Ó PHOBLACHT HONDÚRAS



Déan fótcóip den
leathanach oibre

A CHARA DHIL,

Beannachtaí chugatsa agus chuig do mhuintir! Giselda is ainm dom. Táim 8 mbliana d'aois. Táim i mo chónaí i bpobal a dtugtar La Confianza air i dtuaisceart Phoblacht Hondúras. Thug Sally, bean atá ag obair le Trócaire cuairt ar an bpobal againne agus d'iarr sí orm mo scéal a inseacht duit. D'aistrigh sí an litir seo ón Spáinnis go Béarla duit.



Cónaím i bpoball leis an gcuid eile de mo mhuintir, m'athair Pedro (60), mo mháthair Joaquina (46), beirt deartháireacha Samuel (21) agus Henry (19) agus beirt deirfiúracha Mayra (11) agus Erilin (5). Nuair a bhíonn an seachtar againn ar fad istigh sa phuball is beag spás a bhíonn ann. De chraobhacha adhmaid atá mo leabasa déanta agus roinnim an leaba le mo bheirt deirfiúracha. Nílím inár gcónaí sa phobal seo ón tús. Bhí a gcuid talún féin ag mo mhuintir agus bhí an saol go maith sular saolaíodh mise. Ach baineadh an talamh uathu le feall agus camailéireacht agus chuaigh an saol ina gcoinne go mór... Bhí cónaí orainn ar fhásra pailme a bhain le tiarna talún saibhir. Bhí ar an gcuid eile de mo mhuintir obair go han-dian ar an bhfásra gach lá, fad a d'fhan mise agus mo dheirfiúr sa bhaile inár n-aonar. Bhí cúinsí oibre an-chrua acu, gan lá saoire ar bith acu agus fós bhí ag teip orthu dóthain airgid a thuilleamh leis an gclann a chothú. Bhí sé go huafásach ar fad. Fós féin bíonn tromluithe agam faoin áit sin.

Bhogamar go La Confianza i mí na Nollag 2009. Is fearr go mór an saol anseo mar go bhfuil neart cairde agam and táim in ann dul ar scoil. De ghnáth éirím ar 6 a chlog ar maidin agus ithim an bricfeasta - toirtile, pónairí agus uaireanta bíonn rís agam. Ansin tugaim lámh chúnta sa chistin, ag glanadh, ag scuabadh agus ag ní na soitheach. Téim ar scoil ag 8 a chlog. Is í an scríbhneoireacht agus déanamh suimeanna an dá rud is fearr liom a dhéanamh. Is maith liom clocha a úsáid mar chleachtadh le comhaireamh a dheanamh. Bíonn teas mór ann um thrathnóna agus mar sin bíonn orainn roinnt uisce a ól agus ár scíth a ligean faoi scáth. Bíonn sé ró-the istigh sa phuball agus bíonn na corrmhíolta i gcónaí ag baint greamanna asam, rud a chuireann isteach go mór orm. Déanaim an obair bhaile ag 2 a chlog san iarnóin, cabhraím le mo mham an teach a ghlanadh agus an níochán a dhéanamh. Bíonn an dinnéar againn, agus bímse stiúgtha leis an ocras faoin tráth sin de ghnáth ach uaireanta ní bhíonn ár ndóthain le hithe again. Ansin téim amach ag súgradh. Is breá liom cluichí a imirt le mo dheirfiúr agus le mo chairde!

An t-aon rud nach dtaitníonn liom faoi bheith inár gcónaí i La Confianza ná an díshealbhú. Ní maith leis an úinéir talún go bhfuilimid inár gcónaí anseo agus mar sin cuireann sé daoine isteach le gunnaí chun iarracht a dhéanamh muid a chur amach as seilbh na talún. Bím scanraithe i gceart nuair a tharlaíonn se seo - samhlaigh dul a chodladh agus tú ag caitheamh cuarán flop-flap agus teitheadh amach chun na habhann an uair a chloiseann tú gleo ar bith, agus fanacht ansin uaireanta ar feadh roinnt laethanta. An uair dheireanach a tharla sé dhóigh siad an teach go talamh agus mar sin bhí orainn é a ath-thógáil as an nua ar fad.

Ní raibh an saol ar ár dtoil ag mo mhuintir ach táim bródúil as an uile ní dá bhfuil déanta againn le chéile. Tá mo mháthair ar dhuine de na ceannairí ar na comharchumainn, is bean an-chliste í. An aisling atá agam don todhchaí ná go n-éireoidh liom an scoil a chríochnú lá éigin agus bheith i mo cheannaire díreach ar nós mo mháthar.

Ba bhreá liom cuntas a fháil ar an saol agatsa in Éirinn agus mar atá an saol ansin.

Do chara,
Giselda



LA CONFIANZA

CÁ BHFUIL SIAD?

Tá pobal La Confianza le feiceáil sa ghrianghraf mór i dtuaisceart Phoblacht Hondúras. An bhrí atá leis an bhfocal Spáinnise ‘La Confianza’ ná muinín, agus sin í an bhunchloch ar a bhfuil an pobal tógtha. Teach atá déanta de bhrící agus a tógadh le cabhair Trócaire in Diamante del Sion atá le feiceáil sa ghrianghraf beag.

GRIANGRAF 1

LA CONFIANZA

Pobal feirmeoireachta atá ann a bhfuil breis agus 500 teaghlach ann. Tá an pobal ag troid ar son an chirt le dul i seilbh na talún mar a bhfuil cónaí orthu, ainneoin ionsaithe le foréigean orthu ó úinéir na talún atá ina fhear saibhir. Tá Trócaire agus na páirtithe atá ag obair leo ag tacú leis an bpobal agus ag cabhrú leo an talamh seo a ghnóthú ar ais ó úinéir na talún a thóg uathu go héagórach é.

Tá droch-chúinsí maireachtála i gceist do phobal La Confianza. Ní féidir leo tithe buana a thógáil mar go ndéantar ionsaí orthu go minic ag lucht slándála úinéir na talún agus déantar na tithe a dhó go talamh. Mar sin is i bpubaill shealadacha a chónaíonn siad. Tá an chuid seo de Phoblacht Hondúras i mbaol ó thubaistí nádúrtha chomh maith agus bíonn tuilte ann ar feadh dhá mhí gach séasúr báistí. Nuair a tharlaíonn sé seo bíonn ar an bpobal bailiú leo agus áit chónaithe eile a fháil.

Is ábhar iontais é gur pobal daoine an-sona iad mar sin féin. Is amhlaidh atá an scéal mar go dtarraingíonn siad le chéile mar thaca dá chéile bealach ar bith ar féidir leo. Bíonn a chúram féin le déanamh ag gach duine sa phobal agus déantar an obair bhuíne seo le díograis agus le fonn. Bíonn roinnt spraoi acu san obair seo chomh maith.

DIAMANTE DEL SION

Ceantar eile i dtuaisceart Phoblacht Hondúras atá anseo. Trócaire a thóg na tithe seo i ndiaidh do **Spéirling Mitch** an tír a scrios in 1998, nuair a fágadh breis agus 5,000 duine marbh agus breis agus 1.5 milliún duine gan dídean. Tá sé mar aisling ag Giselda “teach déanta de bhrící... an bhliain seo chugainn” a bheith aici. Seo an cineál áit chónaithe atá mar aisling ag Giselda agus ag a muintir lá éigin. Oibríonn Trócaire le páirtithe sa pharóiste seo ar mhaithe le hoideachas a chur ar fáil, teacht a bheith acu ar thalamh, uisce glan, áiseanna bunúsacha leithris, trealamh feirmeoireachta agus oiliúint, chomh maith le dáileadh uisce ar bharráí. Tá ionad pobail anseo acu le leabharlann, seomra ríomhairí agus láthair stáitse, a fheidhmíonn mar ionad tionóil don phobal.

TRÓCAIRE
Working for a Just World



MUINTIR GISELDA

CÉ HIAD?

Tá na mná ar fad i measc mhuintir Giselda le feiceáil sa ghrianghraf seo.

Is í **Giselda** an cailín atá ina seasamh os comhair an phubaill. Tá sí 8 mbliana d'aois. Má theastaíonn uait gach eolas a fháil ina taobh agus mar a chaitheann sí an lá, léigh an litir uaithi atá le fáil ar chúl leabhrán na ngníomhaíochtaí.

Is í **Joaquina** a máthair agus tá sí 46 bliana d'aois. Tá sí ina ceannaire ar cheann de chomharchumainn La Confianza. Bhí an saol an-dian aici agus í ag fás aníos – bhí ocraí uirthi an t-am ar fad agus ní raibh an deis riamh aici léamh agus scríobh a fhoghlaim. Bhí náire uirthu bheith ina ceannaire dá bharr seo. Tá an saol ar fad caite aici ag obair ar fhásraí pailme éagsúla ach is fearr a thaitníonn sé léi a bheith ina cónaí i La Confianza thar aon áit eile mar go bhfuil an pobal ag obair ar son a chéile seachas ag obair ar son úinéir shaibhir talún. Tá aisling dá cuid féin aici “teideal ar an talamh a fháil ionas go mbeidh rud éigin againn le tabhairt ar aghaidh do na páistí”.

Mayra is ainm don deirfiúr níos sine atá aici agus tá sí 11 bliain d'aois. Freastalaíonn sí ar na ranganna céanna sa champa le Giselda, agus ní hamháin gur deirfiúr le Giselda í ach is í an cara is fearr atá ag Giselda chomh maith. Is breá léi scríobh ar an gclár dubh ar scoil le cailc. An rud is fearr léi ar fad ná súgradh lena cairde, ach is breá léi chomh maith súgradh leis na madraí agus na cait sa phobal.

Is í **Erilin** an deirfiúr óg atá aici agus tá sí 5 bliana d'aois. Tógann Giselda agus Mayra ar scoil í i rith an lae, bíonn sí ag súgradh leis na páistí atá níos óige agus iad ag foghlaim.

CÉN SÓRT ÁIT CHÓNAITHE ATÁ ACU?

Is é an puball seo an teach cónaithe atá ag a muintir. Tá seachtar ar fad a roinneann an teach seo le chéile, beirt deartháireacha Giselda chomh maith, Samuel (21), Henry (19) agus a hathair, Pedro atá 60 bliain d'aois. Bíonn teas mór istigh, go háirithe i rith an lae agus is minic a bhíonn an áit istigh lán le cormhíolta, mar sin déanann siad iarracht gan dul isteach ach san oíche amháin. Chabhraigh a deartháireacha leis an teach seo a ath-thógáil díreach cúpla mí ó shin tar éis gur dódh an teach a bhí acu cheana. Buíon de lucht slándála an tiarna talún a chuir tine leis ar mhaithe le pobal La Confianza a bhrú amach ón talamh seo. Le cabhair **Trócaire** agus a gcuid páirtithe **Popal Na Tun**, tá siad ag tacú leis an bpobal agus ag cabhrú leo an talamh a ghnóthú ar ais ón tiarna talún a thóg uathu go héagórach é.

GRIANGRAF 2



OBAIR AN PHOBAIL

CE HIAD?

Sa ghrianghraf beag tá duine de chomharchumann na cistineach ag ceannach bia don phobal. Aistear dhá uair an chloig chun an tsiopa atá ann agus mar sin ceannaíonn siad an soláthar is mó agus is féidir leo don tseachtain agus iad ag an siopa. Baill de phobal La Confianza atá i mbun an tsiopa. Is é Celio Rodriguez, ceannaire óg sa phobal, an fear atá taobh thiar den chuntar.

Ball eile de chomharchumann na cistineach is ea an bhean atá sa ghrianghraf níos mó. Tá sí ag déanamh toirtilí. Éiríonn sí ag 3 a chlog ar maidin le tús a chur leis na toirtilí a dhéanamh. As arbhar a dhéantar iad agus déantar é sin a mheilt agus a bhruith le haol nó go ndéantar taos de. Is deacair a chreidiúint go ndéantar idir 300 agus 400 toirtile gach maidin don bhricfeasta agus idir 600 agus 700 don dinnéar. Oibríonn sí lá an-fhada, ag críochnú ag 7p.m., tráth a mbíonn sí traochta go hiomlán.

CÉARD ATÁ POBAL LA CON ANZA A DHÉANAMH CHUN CABHRÚ LENA CHÉILE?

Tá comharchumann curtha ar bun ag muintir La Confianza ar mhaithe le hobair a dhéanamh i bpáirt le chéile le cabhair ó ghrúpaí ar nós Trócaire, le feabhas a chur ar na cúinsí oibre atá acu. Chuirge seo, oibríonn siad i bpáirt le cheile ina mbuíonta. Oibríonn buíon amháin díobh go crua chun dul amach chuig na páirceanna agus pailm a bhailiú. Tugann buíon eile bia do gach duine sa champa. Cuireann buíon eile oideachas ar na páistí agus coimeádtar slán sábháilte iad. Tugann an bhuíon Slándála cosaint do na teaghlaigh ar fad agus féachann buíon feirmeoirí i ndiaidh phaiste na nglasraí. Tá an bhuíon chothabhála freagrach as rud ar bith a dheisiú a bhfuil gá lena dheisiú. Tá na teaghlaigh seo in ann maireachtáil mar go dtagann an pobal le chéile agus go n-oibríonn siad mar fhoireann.



CÁRTAÍ RÓL-GHLACADH

Léirítear sna grianghrafanna seo na céimeanna ar fad atá i gceist don phobal le hola phailme a phróiseáil. Bain úsáid astu seo mar thaca le breathnú air ar mhaithe leis an bhfráma reoite agat a chur le chéile. Léirítear cuid de na dualgais a thiteann ar bhuíon na cistineach i ngrianghraf 3.



Déan fótcóip den leathanach oibre



1. Tá tú tofa mar **chomhordaitheoir ola phailme**. Cabharigh le do bhuíon a bhainistiú: socraigh cad iad na torthaí pailme atá sách aibí le leagadh; leag na torthaí pailme ó na crainn go talamh; bailigh na torthaí pailme a thiteann go talamh; déan na crainn a phrúnáil; bain anuas an féar atá i mbun an chrainn; cuir na torthaí isteach i málaí; cuir isteach sa chairt iad lena thabhairt go dtí an mhonarcha phróiseála.

3. Tá tú tofa mar **chomhordaitheoir ar an scoil**. Cabharigh le do bhuíon a bhainistiú: eagraigh múinteoirí deonacha chun teacht isteach agus na páistí a mhúineadh; déan pé airgead atá ar fáil le leabhair agus pinn luaidhe a cheannach a bhainistiú; roinn na ranganna suas ar bhonn aoise; múin an léamh, scríobh agus comhaireamh do na páistí agus déan deimhin de go mbíonn siad slán sábháilte an t-am ar fad.

5. Tá tú tofa mar **chomhordaitheoir ar phaiste na nglasraí**. Cabharigh le do bhuíon: cuir uisce ar na glasraí, déan iad a phrúnáil agus bain na fiailí astu. Cuir leasachán talún orgánach ar an talamh; caith amach feithidí ar bith a d'fhéadfadh a bheith ag ithe do chuid glasraí; bí ag faire amach le haghaidh talamh mhaith le plandaí a chur ann agus cuir síolta nua.

2. Tá tú tofa mar **chomhordaitheoir ar dhualgais na cistineach**. Cabharigh le do bhuíon a bhainistiú: déan airgead an phobail a eagrú; ceannaigh an bia ar fad atá de dhíth; eagraigh róta laethúil de dhualgais chistineach agus níochán na soitheach san áireamh agus déan réiteach an bhia a eagrú – óna 3 a chlog ar maidin (an uair a thosaíonn ullmhúchán an bhricfeasta) go dtí 7 p.m. (i ndiaidh bhéile an tráthnóna) gach lá.

4. Tá tú tofa mar **chomhordaitheoir ar chúrsaí slándála**. Cabharigh le do bhuíon a bhainistiú: eagraigh róta ionas go mbeidh a fhios ag gach duine cén áit ba chóir dóibh a bheith ag faire air de ló agus d'óiche; iompraigh raidió siúlscéalaí (walkie-talkie) ar eagla ionsaithe ort; cuir scéala i dtaobh gluaisteán strainséartha ar bith a thagann isteach chuig an gcuid eile den bhuíon agus bí ag faire amach an t-am ar fad ar eagla na díobhála.

6. Tá tú tofa mar **chomhordaitheoir ar an mbuíon chothabhála**. Cabhraidh le do bhuíon a bhainistiú: deisigh feithicil ar bith atá briste (cairt an asail, rothair, gluaisrothair, an tarracóir): glan suas an áit agus faigh réidh le gach bruscar; glan an áit timpeall ar an sconna uisce; cuir plaisteach nó bataí ar cheann ar bith de na tithe a bhfuil gá acu le deisiúchán.



AG SÚGRADH LE CHÉILE IN LA CONFIANZA

CE HIAD?

Seo í Giselda, a deirfiúr Mayra agus a gcara Melia Ortiz Sosa, 10 mbliana d'aois. Is breá leo súgradh lena chéile.

CÉARD ATÁ AR SIÚL ACU?

Ní bhíonn bréagáin ag an gcuid is mó de na páistí, cluichí leictreonacha nó ríomhairí, mar sin caithfidh siad brath go hiomlán ar a gcuid samhlaíochta le cluichí nua a chumadh. Seo an fáth gur cuid mhór den spraoi acu an amhránaíocht, an rince agus an rith. Seo an cluiche is fearr leo ach is maith leo chomh maith bheith ag déanamh na bhfolachán, ag rásaíocht in aghaidh a chéile agus ag luascadh ar an ámóg.

Bíonn páistí La Confianza gnóthach an lá ar fad leis an scoil agus lena gcuid obair phobail, ag réiteach na mbéilí, an bricfeasta agus an dinnéar, ag cabhrú leis na héadaí a ní agus paiste na nglasraí a phrúnáil. Ach faigheann siad an t-am um thráthnóna le spraoi a bheith acu agus cúpla cluiche a imirt lena gcairde. Tá spiorad iontach i measc phobal Giselda. Bíonn gach duine ag imirt le chéile agus cabhraíonn siad ar fad lena chéile. Ní chuireann siad suas le troid nó déileáil lena chéile go héagórach.

Bain triail as seo: Déan do Luascán daonna féin: Roinn suas ina ngrúpaí de thriúr iad in iarracht le luascán a dhéanamh, díreach ar nós an luascáin a rinne Giselda, a deirfiúr agus a cara. Cromann páiste amháin síos ar nós Giselda agus beireann greim láimhe orthu faoina gcosa; beireann na páistí ar gach taobh díobh greim láimhe ar a chéile faoi lámha an duine i lár baill agus ardaíonn siad an duine sin san aer. Ach bí cúramach lena chinntiú go bhfuil do dhá lámh fite ina chéile go dlúth agus nach ndéantar ach luascadh go réidh. Ní theastaíonn aon ghortú uainn!



POBAL PADRE GUADALUPE I GCREM

GRIANGRAF 6

CÉ HIAD?

Láithreoir le Raidió Pobail Educativa is ea Adolfo Cruz, an stáisiún raidió pobail i gCrem. Bealach iontach cumarsáide don phobal is ea an raidió mar nach bhfuil aon teilifíseán nó bealaí eile cumarsáide acu. Cuirtear oideachas ar an bpobal maidir leis an nuacht áitiúil agus ar theicnící éagsúla feirmeoireachta agus déantar seirbhísí eaglasta a chraoladh.

Seo an cúntóir sa siopa áitiúil atá suite i gceartlár an phobail. Murab ionann is an siopa i La Confianza a mbaineann aistear de bhreis agus dhá uair an chloig le dul ann de shiúl cos, ní thógann sé ach cúpla nóiméad ar an bpobal siúl chuige seo. Is fearr go mór an rogha stoic agus earraí atá le fáil sa siopa seo.

CÁ BHFUIL SIAD?

Seo pobal Padre Guadalupe i gCrem. Tá cónaí ar bhreis agus 7500 teaghlach anseo. Sagart cróga ba ea an té a n-ainmnítear pobal Padre Guadalupe ina dhiaidh. Bunáit mhíleata a bhí san áit seo uair amháin a d'athraigh an tAthair Guadalupe agus na daoine isteach sa phobal atá ann inniu. Tá scoil curtha ar bun acu, teach bainne agus stáisiún raidió áitiúil.

I dtuaisceart Phoblacht Hondúras tá an talamh agus an mhaoin roinnte i measc dornán an-bheag fear gnó a cheannaigh stráicí móra talún go héagórach. D'fhág seo feirmeoirí beaga gan aon talamh chun feirmeoireachta agus maireachtála air. Le cabhair Trócaire agus ár bpáirtithe i bPoblacht Hondúras, rinne teaghlaigh i gCrem éileamh ar son a gcearta chun feirmeoireacht a dhéanamh ar thalamh. In ainneoin an fhoréigin agus bagairtí orthu, d'éirigh leo seilbh a fháil ar an talamh. Sin an dóchas atá ag pobal La Confianza lá éigin amach anseo.

Bain triais as seo: Déan agallamh raidió de do chuid féin – cuir Giselda agus a muintir sa 'suíochán te'. Níl uait ach bord agus micreafón (is féidir micreafán maith a shamhlú le maircээр). Roghnaigh duine amháin i bpáirt gach duine díobh seo – Giselda, a hathair, a máthair, a beirt deartháireacha, a beirt deirfiúrcaha, ball foirne Trócaire – agus bíodh an chuid eile den rang i bpáirt an DJ ag cur na gceisteanna faoin saol i bPoblacht Hondúras. Ansin athraigh thart an duine sa 'suíochán te' ionas go mbeidh deis ag gach duine.

TRÓCAIRE
Working for a Just World

TROCAIRE

Working for a Just World

**TÁIMID AR FAD
PÁIRTEACH SAN
OBAIR SEO LE CHÉILE**



**CÁ LUÍONN TUSA
ISTEACH ANN?**